

Naomh Bríd



Is duine d'éarlaimh na hÉireann í Naomh Bríd. Tá a féile ar 1 Feabhra, an chéad lá den Earrach.

A hÓige



Rugadh Naomh Bríd i bhFochaird, in aice le Dún Dealgan, Contae Lú. Ba í Broicseach a máthair agus ba é Dubhtach a hathair; ba thaoiseach é. D'oibrigh Bríd ar an bhfeirm le linn a hÓige, ag tabhairt aire do na caoirigh agus ag tabhairt bia do na hainmhithe.

Grá do na Bochtáin

Fiú nuair a bhí sí ina leanbh, bhí grá mór ag Bríd do na bochtáin. Nuair a fuair sí rud éigin thug sí uaithi é.


Nuair a chuir a máthair amach í chun im a bhailiú, thug sí uaithi an t-im.



Thug athair Bhríde cuairt ar Rí Laighean. D'fhág sé Bríd sa charbad chun aire a thabhairt dá chlaíomh. Bhí bochtán ag dul thar bráid agus d'iarr sé cabhair ar Bhríd. Ní raibh ag Bríd ach claíomh luachmhar a hathar, agus thug sí sin dó. Bhí Dubhtach ar buile nuair a fuair sé amach cad a rinne Bríd.

Bríd an Bhean Rialta

Nuair a bhí sí óg shocraigh Bríd go mbeadh sí ina bean rialta. Thaistil sí ar fud na hÉireann ag tógáil clochar. Chuaigh Bríd chuig Rí Laighean agus d'iarr sí roinnt talún air chun clochar a thógáil. Níor mhian leis an rí aon talamh a thabhairt di. Ach d'inis sé di a clóca a chur ar an dtalamh agus gheall sé fad agus leithéad na talún faoina clóca di.



St. Brigid


Nuair a chuir Bríd a clóca ar an dtalamh d'fhás sé, agus d'fhás sé, go dtí go raibh réimse mór clúdaithe aige. Bhain sin an anáil as an Rí ach choinnigh sé a fhocal.

Bhunaigh sí a céad
chlochar ar an talamh
sin. Bhí crann mór
darach san áit agus
tháinig an t-ainm Cill
Dara as sin. Tá an t-
ainm céanna ar an áit
anois.



Cros Bhríde

Bhí taoiseach págánach ag fáil bháis agus thug Bríd cuairt air. Shuigh sí in aice leis agus ghuigh sí. Thóg sí roinnt luachra den urlár agus rinne sí cros astu. D'oscail an Taoiseach a shúile agus d'iarr sé cad a bhí sí á dhéanamh. D'inis Bríd scéal Chríost dó - conas a fuair sé bás ar an gcros. D'iompaigh an Taoiseach ina Chríostaí sula bhfuair sé bás.





Ceapann siad go bhfuair Naomh Bríd bás ar an 1 Feabhra 525. Deir siad gur thóg siad a corp as Cill Dara go Dún Phádraig níos déanaí agus gur chuir siad í le hais Naomh Pádraig, atá ina éarlamh ar Éirinn, cosúil le Bríd.